



FAIRE CAMPAIS



CLÁR ÁBHAR

- 01 Do Shábháilteacht Phearsanta
- 03 Slándáil do Chóiríochta
- 05 Slándáil d'Fheithicle
- 07 Sábháilteacht ar Bhóithre
- 09 Íospartaigh na Coireachta
- 10 Coireacht Ghnéis
- 11 Iompar Frithshóisialta
- 14 Feasacht maidir le Drugaí agus Alcól
- 15 Cárta Aoise
- 16 Sciúradh Airgid
- 17 Cibearchoireacht
- 19 Ómós don Éagsúlacht

Is áiteanna gnóthacha iad láithreacha campais agus neart daoine ag dul anonn is anall iontu gach lá. Bíonn lear mór daoine cruinnithe iontu: foireann an champais, oibrithe, cuairteoirí, agus ar ndóigh na mic léinn iad féin.

Is áit é an campas, ina mbíonn strainséirí go leor agus glactar leis sin, agus ar ndóigh is áit an-áisiúil é don choirpeach nach dtugtar aon suntas dó timpeall ar árais chónaithe. Cuir i gcás, ní rud neamhghnách é daoine a fheiceáil ag iompar málaí droma agus rudaí eile agus ní chuirtear suim ar bith iontu.

I gcás mac léinn ar bheagán airgid, is deacair dóibh rudaí nua a fháil in ionad rudaí costasacha nuair a ghoidtear iad, agus moltar go hard dóibh machnamh a dhéanamh ar conas is féidir bearta éifeachtacha a ghlacadh chun an baol gadaíochta a laghdú. Is é an dea-scéala ná go bhfuil roinnt rudaí is féidir leat a dhéanamh ionas nach mbeidh tú i d'íospartach na coireachta.

Tá Faire Campais cosúil le scéim Faire Comharsanachta ar chlár um chosc na coireachta agus sábháilteachta pobail é. Feidhmíonn sé mar chomhpháirtíocht idir An Garda Síochána agus áitritheoirí Campais. Oibríonn sé ar an mbunús gur féidir le gach duine ar an gCampas cabhrú chun caighdeán na beatha ar an láthair a fheabhsú trí shúil a choinneáil ar mhic léinn, ar an bhfoireann agus cuairteoirí, agus gníomhaíochtaí a bhfuil amhras ar bith fúthu a thuirisciú do na Gardaí.

Slándáil Chiallmhar – Ná glac leis riamh go bhfuil tú féin nó do chuid maoinne sábháilte, glac céimeanna i gcónaí chun iad a dhéanamh slán. Is é aidhm an leabhráin seo thú a chur ar an eolas tuilleadh ionas go mbeidh tú in ann cas a sheachaint ina bhféadfaí do shábháilteacht phearsanta féin agus do chuid maoinne féin a chur i mbaol.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi cheann de na topaicí sa leabhrán seo, déan teagmháil le www.garda.ie nó le do stáisiún Gardaí áitiúil.

Is féidir leis an gcoireacht teacht aniar aduaidh ar aon duine, ag aon am, in aon áit. Ceapann an té a bhíonn ina bhun nach bhfaighfear greim air, agus ceapann an t-íospartach (an té a ndéantar an choir air/uirthi): “Ní tharlóidh sé domsa!”. Is é a mhalairt de scéal atá fíor ar ndóigh. Bíonn íospartach fágtha ina dhiaidh ag gach coir a dhéantar. Ní bhéarfair i gcónaí ar an té a dhéanfaidh coir, ach fulaingeidh gach íospartach. Beidh méid do chuid fulaingthe nó do chailteanais ag brath ar thrí phríomhrud:

- Chomh leochaileach is atá tú.
- Do thimpeallacht.
- D’iompar féin.

Is fearr a bheith sábháilte ná aiféala a bheith ort - tabhair aird ar ár leideanna sábháilteachta pearsanta a chabhróidh chun thú a choinneáil slán.

Leideanna le bheith glic i gCúrsaí an tSaoil


1. Forairdeallach agus Muinéach

Nuair a bhíonn tú ag siúl in áit phoiblí siúil go muinéach agus go bríomhar. Lorgóidh gadaí nó ionsaitheoir an té is laige dar leo. Coinnigh súil ar gach a bhfuil timpeall ort. Féach timpeall ort agus bí airdeallach ar strainséirí agus bíodh a fhios agat an bhfuil siad ina n-aonar nó i ngrúpaí. Tabhair faoi deara an foirgneamh poiblí nó an áit shábháilte is gaire duit. Muna bhfuil tú cinnte faoina bhfuil timpeall ort téigh ar ais go dtí pé áit ina raibh tú, agus lorg cara a bhfuil muinín agat as/aisti chun dul in éineacht leat chuig do cheann scríbe. Bíodh muinín agat asat féin, seachain achrann agus mura bhfuil gach ní i gceart, téigh chuig áit shábháilte láithreach bonn.



2. Pleanáil do Thuras

Pleanáil cén chaoi a rachaidh tú ann agus cén chaoi a thiocfaidh tú abhaile. Inis do dhaoine cá bhfuil tú ag dul agus cén t-achar ba cheart duit a bheith ar ais sa bhaile. Inis do do chairde má tá tú ag fágáil in éineacht le duine éigin lasmuigh den ghrúpa.



3. Fóin Phóca

Is é d'fhón póca an rud is mó a ndíríonn gadaithe air agus tú ar an tsráid. Seachain glaonna a dhéanamh nó a fhreagairt go poiblí. Má bhuaileann d'fhón, déan iarracht é a fhreagairt i bhfoirgneamh poiblí seachas ar an tsráid. Coinnigh d'fhón póca sábháilte agus amach as radharc.

4. Vallaití, Sparáin agus Rudáí Luachmhara

Cuir do vallait nó do sparán i bhfolach. Ná hiompar ach an méid airgid tirim agus cártaí agus a theastóidh uait. Coinnigh suim airgid as féin ar fhaitíos go ngoidfí do vallait nó do sparán. Ná bí ag streachailt le gadaí; d'fhéadfá tú féin a ghortú. Ná taispeáin seodra daor nó maoithneach d'aon duine go poiblí.

5. Roghnaigh áiteanna atá soilsihte go maith

Seachain áiteanna le drochsholas i gcomhair siúlóide nó páirceála. Coinnigh do charr faoi ghlas i gcónaí. Ná fág rudáí luachmhara in áit fheiceálach i gcarranna. Má chaitheann tú taisteal tríd áit ina bhfuil drochsholas, déan é sin le cara leat. Ar an gcaoi chéanna, má tá tú i ngrúpa, bí coinsiasach faoi dhaoine eile atá ag siúl thart ina n-aonar. Má cheapann tú go bhfuil duine éigin dod' leanúint - gabh trasna an bhóthair. Má tá duine i do dhiaidh téigh chuig an áit phoiblí is gaire duit, cosúil le siopa, teach tábhairne nó teacht ina bhfuil na soilse ar siúl agus labhair leis na Gardaí.


Má dhéantar ionsaí ort, beidh cabhair ar fáil duit i gcónaí 24 uair a chloig. Glaigh ar 999 nó 112 láithreach.

Is feachtas sábháilteachta poiblí arna reáchtáil ag an nGarda Síochána é *'Use Your Brain Not Your Fists'* agus is é is aidhm leis ná líon na n-ionsaithe a dhéanann fir óga idir 18 agus 39 bliain d'aois a laghdú.

Leis an bhfeachtas, iarrtar ar fhir óga machnamh a dhéanamh ar an toradh a d'fhéadfadh a bheith i ndán dóibh féin agus do dhaoine eile má bhíonn siad páirteach in ionsaí mar is léir ó na staitisticí go bhfuil líon na n-ionsaithe ag ardú le blianta beaga anuas de réir mar atá geilleagar na hoíche ag fás.

Is fir idir 18 agus 39 bliain d'aois a dhéanann formhór na n-ionsaithe ar fhir san aoisghrúpa céanna. Tarlaíonn na hionsaithe seo de ghnáth in áiteanna poiblí (sráideanna, bóthair, tithe tábhairne agus óstáin) ag an deireadh seachtaine idir 8 i.n. agus 5 r.n. Maidir le timpeall 25% de na teagmhais a bhaineann le geilleagar na hoíche bhí an ciontóir faoi amhras, an t-íospartach nó an bheirt acu faoi thionchar an óil. Is gnách nach ndéanann déantóirí na coire sin a leithéid arís agus is fíor-íseal freisin líon na ndaoine a bhíonn ina n-íospartach an athuair.

Seo gearrscannán arna léiriú ag Comhairle na nÓg Liatroma ina léirítear an dainséar a bhaineann le hionsaithe <https://youtu.be/lmtWJbgoVBE>



Tá slándáil do chuid cóiríochta, is cuma más árasán nó teach, riachtanach chun tú féin agus do mhaoin a chosaint. Lean na leideanna seo chun d'áit chónaithe a choinneáil slán:

- Déan cinnte go bhfuil do chuid fuinneoga agus doirse faoi ghlas ag gach tráth.
- Ná tabhair do chuid eochracha d'aon duine eile riamh. Ná fág do chuid eochracha san áit a bhféadfadh rochtain a bheith ag daoine eile orthu.
- Sula scaoileann tú aon duine isteach i do theach, déan cinnte go bhfuil tú sásta cé hiad féin – iarr aitheantas (ID) má tá amhras ort.
- Inis do chomharsa nó cara a bhfuil muinín agat as/aisti má tá tú ag dul áit éigin.
- Déan cinnte nach mbeidh a fhios ag daoine go bhfuil do chóiríocht folamh – cuiríní tarraingthe i rith an lae, etc.
- Déan cinnte go bhfuil do mhaoin ar fad marcáilte le do chód aitheantais pearsanta féin, cosúil le do Eircode (e.g. D08 HN3X). Ba cheart nithe luachmhara a choinneáil faoi ghlas in áit shábháilte.

- Cuir na doirse taobh amuigh faoi ghlas i gcónaí. Is é an príomhdhoras isteach an chéad líne cosanta chuig do mhaoin. Dún do chuid cuirtíní san oíche. Déan rud éigin faoi aon amhras a bhíonn ort, ná bíodh imní ort fúthu. Abair leis na gairmithe go bhfuil amhras ort. Ná hinis riamh go bhfuil tú i d'aonar.

Ná bíodh faitíos ort ID daoine nach bhfuil aithne agat orthu a sheiceáil. Ní gá duit daoine a ionsaí. Is féidir labhairt le duine agus fiafraí díobh an bhfuil siad imithe amú nó an dteastaíonn cúnamh uathu muna bhfuil tú cinnte. D'fhéadfá cabhair a iarraidh ó chomhghleacaí sa rang sula ndeir tú aon cheo.

Ná scaoil strainséirí isteach, agus ná coinnigh doirse ar oscailt do strainséirí atá ag teacht isteach nuair atá tusa ar do bhealach amach. Úsáid an slabhra ar dhoras do sheomra. Cuimhnigh – Tá daoine eile ina gcónaí san fhoirgneamh freisin!

Má cheapann tú go bhfuil duine á iompar féin go hamhrasach, nó ag iarraidh dul isteach gan chead i gcóiríocht, déan teagmháil leis na Gardaí / le Lucht Pearsanra Slándála an Champais.



Rothar

Na rudaí is cóir agus nach cóir duit a dhéanamh

- Coinnigh admhálacha don rothar ar fhaitíos go gcaithfeá éileamh árachais a dhéanamh.
- Déan taifead den chur síos ar an rothar. Cuir san áireamh déanamh, múnla, uimhir fráma, agus grianghraf, agus bíodh aird agat ar aon mharc suntasach agus an áit go díreach ina bhfuil siad.
- Caith idir 10% agus 20% de luach an rothair ar ghlas 'D' agus ar Ghlas Cábla.
- Marcáil do rothar le Peann UV le do Eircode.
- Cuir glas teann air i bhfostú do rud nach mbogfaidh, agus coinnigh an glas den talamh.
- Ná fág do rothar gan duine ina fheighil mura bhfuil sé faoi ghlas - ar feadh soicind fiú amháin!
- Ná páirceáil é in áiteanna faoi cheilt, fiú má tá sé faoi ghlas. Is fearr é a chur faoi ghlas taobh istigh. Ach má bhíonn sé taobh amuigh: daingnigh é in áit shoilseach, le CCTV nó in áit a bhfuil feiceáil air i gcónaí.
- Ná fág an rothar gan ghlas sa chúl ghairdín. Stóráil é i ngaráiste faoi ghlas nó i scioból eile agus cuir faoi ghlas é.
- Ná fág giuirléidí, atá éasca a bhaint, ar an rothar nuair a fhágann tú é, cosúil le soilse agus diallaití nó rothaí atá éasca a scaoileadh.
- Tabhair tuairisc i gcónaí do na Gardaí má ghoidtear rothar uait.



Gluaisrothar

Bíonn an-tóir ag daoine ar ghluaisrothair mar mhodh iompair, ach is deacair áit pháirceála slán a aimsiú dóibh. Rud a chabhródh le gluaisrothar a dhaingniú agus a laghdódh an baol gadaíochta ná píosaí cuaille scafail ar chruth 'u' leabaithe i stroighin lonnaithe i limistéir le faireachas maith nádúrtha.

Carr

Tá carranna ag go leor mac léinn anois, agus bíonn coirpigh i gcónaí ar thóir a seans chun iad a sciobadh. Cuimhnigh ar na rudaí seo mar gheall air sin:

1. Déan cinnte go bhfuil do charr faoi ghlas, agus seiceáil é sula bhfágann tú. Úsáid d'aláram má tá ceann agat.
2. Seachain a bheith ag fágáil fuinneoga oscailte, fiú beagán, – is cuma cár pháirceáil tú, nó cé chomh fada is atá tú ag fágáil an chairr.
3. Ná fág aon rud luachmhar i do charr. Más gá é sin a dhéanamh, coinnigh slán iad amach as amharc sa bhúit.
4. Ná fág cáipéisí pearsanta, m.sh., ceadúnais tiomána, pasanna, 7rl., i do charr.
5. Má chaitheann tú airgead a choinneáil sa charr le haghaidh méadar páirceála, fág é i lámhainnbhosca dúnta, nó in urrann amach as radharc. Má tá sé le feiceáil, d'fhéadfadh gadaí baothdhána fuinneog taoibh a bhriseadh (luach €200) chun sóinseáil €3 a ghoid.



Tá cúram ar gach duine maidir le sábháilteacht ar bhóithre. Tá gach duine againn freagrach as an gcaoi a bhímid ag tiomáint, is cuma cén chaoi a n-úsáidimid é, agus ba cheart dúinn i gcónaí tiomáint le haire agus cúram cuí.


Tá **luas** ar an gcionsiocair aonair is mó le básanna ar na bóithre in Éirinn. Tá luas iomarcach nó míchuí ina chúis le haon trian d'imbhuailtí marfacha ar an mbóthar. Tugtar beatha daoine slán nuair a laghdaítear luas.

Tá **alcól** ina chúis le 38% de gach timpiste marfach (tiománaithe/rothaithe ar meisce agus coisithe ar meisce). Bíonn baint ag alcól le níos mó ná leath de thimpistí bóthair marfacha a tharlaíonn idir 9 i.n. agus 5 r.n.

Ón 13 Aibreán 2017, tá sé de chumhacht ag an nGarda Síochána sreabhán béil tiománaithe a thástáil ar thaobh an bhóthair nó i stáisiún

Gardaí go bhfeicfidh siad an bhfuil Cannabas, Cócaon, Codlaidínigh (e.g. Moirfín) agus Beinsidhé-asaipíní (m.sh. Valium) tógtha ag an tiománaí.

Tá athrú tagtha ar na pionóis a bhaineann le tiomáint faoi thionchar an óil. Gach tiománaí anois a bheirtear air ag tiomáint os cionn na huasteorann alcóil do thiománaithe, cuirtear den bhóthar anois é/í ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad.



Coimeádann **criosanna sábhála** daoine slán. Gan crios sábhála, marófar nó gortófar go dona 3 as 4 daoine i dtul-imbhualadh 50km in aghaidh na huaire. Caith crios sábhála i gcónaí ag tiomáint agus déan cinnte go gcaitheann gach paisinéir crios sábhála. Ba cheart do leanaí an srianadh cuí do leanaí a úsáid nuair is gá. Ar an meán, ní raibh aon chrios sábhála ag tráth an imbhuaile ar dhuine as gach cúigear a fuair bás i bhfeithiclí ar an mbóthar.

D'fhéadfadh **tuirse** a bheith ina chionsiocair i gcás beagnach 20% de thimpistí marfacha in Éirinn. Tá tiomáint faoi thuirse mór chomh contúirteach céanna le bheith ag tiomáint os cionn na huasteorann alcóil do thiománaithe.



Fóin Phóca



Ná húsáid d'fhón póca le linn a bheith ag tiomáint. Tá sé in aghaidh an dlí agus d'fhéadfá fineáil a fháil agus trí phointe pionóis, nó cúig cinn má chiontaítear thú sa chúirt. Ná húsáid fóin phóca riamh ach le fearas lámhshaor agus ná cuireadh aon rud ar seachrán thú ag tiomáint.

Tiománaithe a bhfuil ceadúnas foghlaimeora acu agus a thiománann gan tionlacan, ní hamháin go bhfaighidh siad pointí pionóis agus fineáil anois ach is féidir a ngluaisteán a chur i bpóna láithreach agus ní scaoilfear é go dtí go n-íocfar an fhíneáil iomchuí. Anuas air sin, is féidir úinéir na feithicle (más duine eile seachas an tiománaí é/i) a ionchúiseamh freisin más rud é go dtugann sé/sí cead do shealbhóir ceadúnais foghlaimeora an fheithicil a thiomáint. Caithfidh tiománaithe faoi oiliúint L-phláta a chur ar taispeáint agus tiománaí láncháilithe a bheith leo sa ghluaisteán i gcónaí.

Is gá boinn na feithicle a imscrúdú ar bhonn rialta maidir le damáiste, leibhéal an aeir agus caitheamh agus cuimilt a sheiceáil. Is é 1.6mm i gcás gluaisteán agus 1mm i gcás gluaisrothar an teorainn dhlíthiúil maidir le doimhneacht tráchta boinn.

Déanfar tiománaithe faoi oiliúint agus tiománaithe nuachadúnaithe a dhícháiliú i ndiaidh 7 bpointe pionóis a fháil. Féach www.penaltypoints.ie chun teacht ar liosta iomlán de na cionta pointí pionóis.

Creidimid go bhfuil áit speisialta d'íospartaigh i Seirbhís an Gharda Síochána agus laistigh den chóras ceartais choiriúil. Féachaimid le híospartaigh a chur i gcoirlár an chórais cheartais agus déanaimid deimhin de go gcomhlíontar carta reachtúla chun faisnéise, comhairle agus cúnamh eile iomchuí go héifeachtach agus go héifeachtúil. Tacóimid ag gach tráth le dínit, ábhar imní agus na riachtanais a bheidh ag gach íospartach.

Caithfidh gach ball den Gharda Síochána le híospartaigh le dínit agus le hómós – beag beann ar inscne, cine, creideamh, bunús eitneach, gnéaschlaonadh, aois, náisiúntacht, imthosca eacnamaíocha, stádas pósta nó teaghlai.

Má íospartach na coireachta nó teagmhais trámach thú, tabharfaimid

- Freagra tapa ar do ghlaoch agus déanfaimid scrúdú ar do ghearán.
- Ainm, uimhir theileafóin agus stáisiún an Gharda imscrúdaithe agus uimhir theagmhais PULSE duit - sin í an uimhir a thugtar dod' theagmhas ionas gur féidir linn sonraí do cháis a fháil go tapa.

Coinneoidimid ar an eolas thú faoi gach forbairt shuntasach i do chás agus tabharfaimid sonraí duit maidir le heagraíochtaí tacaíochta. Mar íospartach, agus le do chúnamh déanfar measúnú ar do riachtanais d'fhonn aon saincheisteanna maidir le do shábháilteacht a shainaithint agus do leochaileacht i dtaca le díoltas, imeaglú agus ath-íospairt.

Tá faisnéis chabhrach eile agus sonraí maidir le forbairtí póilíneachta ar fáil ar www.garda.ie nó déan teagmháil le Líne Chabhrach d'íospartaigh na Coireachta ag Saorghlao 116006.

Nó, chun tuilleadh comhairle agus tacaíochta a fháil is féidir leat dul i dteagmháil le,

Oifig Idirchaidrimh an Gharda Síochána d'íospartaigh,
An Garda Síochána,
Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta,
Cearnóg Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 666 3349

Ríomhphost : crimevictims@garda.ie (Déantar monatóireacht orthu go léir i rith uaireanta gnó)

Ní fhéadfaidh aon duine a bheith ag gabháil do ghníomh gnéasach leat gan do chead. Is coir é sin a dhéanamh.

Ciallaíonn cead nó toiliú aontú gan srian agus go deonach a bheith páirteach i ngníomh gnéasach agus féadfar do chead a tharraingt siar ag aon am roimh an ngníomh nó lena linn. Ní fhágann teip nó mainneachtain cur in aghaidh go bhfuil tú ag ceadú gníomh gnéasach.

Níl tú ag tabhairt toilithe má tá tú, cuir i gcas:

- (a) ag tabhairt isteach mar gheall ar úsáid/bagairt fórsa, nó eagla a bhfuil bunús maith leis go bhféadfaí fórsa a úsáid;
- (b) i do chodladh nó gan aithne gan urlabhra;
- (c) mura bhfuil tú ábalta cead a thabhairt mar gheall ar an tionchar a bhí ag alcól nó ag druga éigin eile ort;
- (d) ag fulaingt ó mhíchumas fisiceach a chuireann cosc ort ó chead a chur in iúl;
- (e) dul amú ort maidir le cineál agus aidhm an ghnímh;
- (f) dul amú ort maidir le haitheantas aon duine eile lena mbaineann;
- (g) coinnithe go neamhdhleathach ag an tráth ar tharla an gníomh.

Ní féidir le haon duine cead a thabhairt ar do shon.

Más íospartach coir ghnéis thú, téigh i dteagmháil leis na Gardaí láithreach, trí ghlaoch ar 999 nó 112, nó trí theagmháil a dhéanamh leis an stáisiún Gardaí is gaire duit. Ná nigh nó ná athraigh do chuid éadaí agus ná glan suas an áit ina bhfuil tú - d'fhéadfá fianaise riachtanach a scríosadh i ngan fhios duit féin.

Chun tuilleadh eolais a fháil féach www.garda.ie/en/crime/sexual-crime

Teagmhálacha/Naisc Eile

Líne Tuairiscithe um Mhí-Úsáid Ghnéasach Leanaí - Saorghlao 1800 555 222.

www.hse.ie/satu - Aonaid Chóireála um Ionsaí Gnéasach ag feidhmiú ar fud na hÉireann.

www.rapecrisishelp.ie/find-a-service - An tlonad Éigeandála um Éigniú (Éire)

www.drcc.ie - An tlonad Éigeandála um Éigniú (Baile Átha Cliath) - Líne chabhreach Náisiúnta 24 uair an chloig – Saorghlao 1800 778888.

www.itstopsnow.org tionscadal de chuid Chomhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn chun ciapadh gnéasach agus foréigean in institiúidí tríú leibhéal a chomhrac.

Is saincheist mhór é iompar frithshóisialta a mbíonn tionchar aige ar cháilíocht na beatha in Éirinn na linne seo. Cé go bhfuil sé de cheart ag daoine slite maireachtála difriúla a chaitheamh, ní féidir glacadh leis má chuireann a slite beatha isteach ar chearta agus ar shaoirse daoine eile.

Tá cónaí ar go leor teaghlach agus daoine scothaosta gar do chóiríocht mac léinn. Déan cinnte nach mbíonn tionchar diúltach ag do chuid iompair ar a gcuid cearta chun suaimhneas a bheith acu ina dtithe féin. Ba cheart an torann a choinneáil síos chomh mór agus is féidir, go háirithe san oíche.

Má bhíonn tusa nó do chomharsa ag fulaingt de bharr iompair frithshóisialta, ná bí ag fulaingt i d'aonar. Inis don Gharda Síochána faoi. Caithfidimid leat le cúirtéis, cineáltas, tuiscint agus ómós. Má oibrímid le chéile trí Faire Campais is féidir linn difear a dhéanamh agus déanfaimid é.

Cad é Iompar Frithshóisialta?

Tarlaíonn iompar frithshóisialta nuair a iompraíonn duine é féin ar bhealach atá ina chúis nó is dóigh a bheidh ina chúis le:

- Ciapadh.
- Scanradh suntasach nó leanúnach.
- Anachain, eagla nó imeaglú.
- Nuair nach mbíonn daoine in ann sult a bhaint as a n-áit chónaithe, ar bhealach suntasach nó leanúnach.

Níl feidhm leis an dlí má tá an duine ina chónaí sa teach chónaithe céanna (An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006 – Codanna II - Imeachtaí Sibhialta Maidir le hlompar Frithshóisialta (113)).

Conas a Théimid i nGleic le hlompar Frithshóisialta

Féadfaidh Garda Rabhadh Iompair a thabhairt do duine atá ag gabháil d'iompar frithshóisialta. Maireann Rabhadh Iompair trí mhí. Is féidir le Garda rabhadh a eisiúint ó bhéal, agus é a eisiúint i scríbhinn níos déanaí.

Má theipeann ar dhuine os cionn ocht mbliana déag aird a thabhairt ar rabhadh, is féidir leis na Gardaí iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche ar Ordú Iompair. Luaitear in Ordú Iompair cad nach bhfuil ceadaithe ag an duine a dhéanamh. Seasann na horduithe iompair sin ar feadh dhá bhliain.



Forfheidhmíonn na Gardaí go gníomhach an dlí maidir le hathchiontaitheoirí a bhfuil a n-iompar frithshóisialta ag cur isteach ar a gcomharsana. Déanann siad imscrúdú agus ciontaíonn siad na daoine a bhíonn ag gabháil don iompar, agus is féidir leo na dlíthe seo a leanas a úsáid;

- An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994
- An tAcht um Chionta Neamh-mharfacha in aghaidh an Duine 1997
- An tAcht um Dhamáiste Coiriúil 1991
- An tAcht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha 1989.

Iompar Frithshóisialta a Chosc

Is é ról an Gharda Síochána ní hamháin póilíneacht a dhéanamh ar chomharsana áitiúla, ach iompar frithshóisialta a chosc agus a laghdú ag an am céanna. Oibríonn siad i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile chun é sin a dhéanamh. Is gné rialta i bpobail iad na Clinicí Gardaí a éascaíonn Gardaí Pobail na háite. Cabhraíonn siad sin leis an nGarda Síochána ciontóirí iompraíocht frithshóisialta a aithint, agus ligeann dóibh freagra cuí a thabhairt.

Is iad seo a leanas aidhmeanna an Gharda Síochána:

- Oibriú le daoine óga atá i mbaol.
- Iad a bhogadh ar shiúl ó iompar frithshóisialta.
- Iad a mhealladh a bheith rannpháirteach in iompar dearfach ina bpobal.

Feasacht maidir le hAlcól

Cuireann go leor institiúidí tríú leibhéal cosc ar ólachán ar an gcampas, seachas i limistéir cheadaithe cosúil le clubanna ceadúnaithe. Mar an gcéanna, tá Fodhlíthe tugtha isteach ag tromlach na n-údarás áitiúil ina gcuirtear cosc ar ól deochanna meisciúla in áiteanna poiblí. Eisítear fíneálacha ar an spota as sárúithe ar na dlíthe seo agus d'fhéadfadh ionchúiseamh tarlú sna cúirteanna mura n-íoctar iad.


Eisítear an Cáirta Aoise faoin Acht Deochanna Meisciúla 1988, agus glactar leis go forleathan mar “chruthúnas aoise”. Cruthaíonn sé go bhfuil sealbhóir an chárta sách sean go dleathach chun alcól a cheannach.

Cosnaíonn an cárta €10, agus bíonn na rudaí seo a leanas le feiceáil air:

- Ainm
- Dáta Breithe
- Grianghraf
- Roinnt gnéithe slándála lena chinntiú go bhfuil sé bailí

Téigh chuig www.agecard.ie chun iarratas a dhéanamh ar Chárta Aoise. Teastóidh na rudaí seo a leanas uait:

- Teastas Breithe, nó Pas, nó Cáirta um Chead Cónaithe in Éirinn
- Cineál amháin eile aitheantais.
- Grianghraf pas daite amháin.
- Íocaíocht €10 ó chárta creidmheasa/dochair, nó Dearbhán Cáirta Aoise. Is féidir an dearbhán a cheannach ag aon Oifig an Phoist.



Féin-Fhreagracht

Ionas nach ndéanfar dúshaothrú ar mhíic léinn ar chúiseanna sciúrtha airgid, moltar dóibh na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Sonraí aitheantais pearsanta amhail seoladh, dáta breithe, UPSP, srl. a choinneáil slán.
- Cártaí bainc a choinneáil slán. Gan uimhreacha PIN, CVV nó sonraí logála isteach i gcuntas bainc ar líne a nochtadh.
- Neamhaird a dhéanamh de ríomhphoist atá ag lorg faisnéise baincéireachta.

Sciúradh Airgid agus an Dlí

Is é an tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 an reachtaíocht phríomha maidir le Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta in Éirinn.

Ná tabhair cead do dhuine ar bith eile do chuntas bainc a úsáid chun airgead a fháil, a aistriú nó ar chúis ar bith a bhaineann le hairgead a scaipeadh. [#DontBeAMule](#)




Image courtesy of EUROPOL

Rabhadh

Is cion tromchúiseach é an sciúradh airgid lena mbaineann pianbhreith suas go 14 bliana sa phríosún ar diotáil. D'fhéadfadh ciontú as sciúradh airgid cur isteach go mór ar do shaol amach anseo ó thaobh taistil agus fostaíochta de.

le dealraitheach gurb é an toradh a bheidh ar Shochar gearrthéarmach ná pian fhadthéarmach.

Dar le figiúirí na Príomh-Oifige Staidrimh in 2016, ní raibh ach 2% de dhaoine idir 16-29 bliain d’aois nár úsáid an t-idirlíon riamh, agus as an 96% - 98% a d’úsáid é – bhí fáil acu ar an idirlíon lena bhfón póca nó fón cliste. Bhain na gníomhaíochtaí ar líne ba choitianta a bhí ar siúl ag mic léinn le Líonrú Sóisialta, Ríomhphost, Beoshruthú, eolas a fháil faoi earraí agus seirbhísí, agus faisnéis a uaslódáil.

Leis an mborradh mór millteach seo faoi láithreáin líonraithe shóisialta cosúil le Facebook, WhatsApp, Twitter, Instagram agus Snapchat, tá sé tábhachtach cuimhneamh ar na rioscaí a bhaineann lena n-úsáid. Ach na leideanna seo a leanas a chur i bhfeidhm, laghdaítear an baol ó haiceálaithe, seoltóirí turscair, scríbhneoirí víreas, gadaithe aitheantais, agus coirpigh eile.



Leideanna Maithe ar Líne:

1. Is rud buan é an t-idirlíon. A luaithe is a phostálann tú rud éigin, fiú má scriosann tú do chuntas, glac leis go bhfuil sé ann go deo na ndeor.
2. Cuimhnigh nach bhfuil aon smacht agat ar do ghrianghraif a luaithe is atá siad “roinnte” agat ar líne.
3. Nuair a ghlacann tú le cara, fiafraigh díot féin - An bhfuil aithne agam air/ uirthi i ndáiríre? Ná déan cairdeas ach le daoine a bhfuil aithne agat orthu i ndáiríre.
4. Ná cuir muinín i dteachtaireachtaí gan iarraidh. Is féidir le haiceálaithe briseadh isteach i gcuntais agus teachtaireachtaí a sheoladh ag ligean orthu féin gur ó do chairde iad. Ina measc sin bíonn cuirí le dhul isteach i líonraí sóisialta nua. Má tá amhras ort gur teachtaireacht chialloseach atá ann, úsáid bealach eile chun teagmháil a dhéanamh le do chara chun é a dheimhniú.
5. Cuir do shocruithe próibháideachais in ord. Déan cinnte nach bhfuil tú ach ag roinnt faisnéise le cairde agus teaghlach.

6. Múch an socrú suímh ar cheamara d'fhóin chliste. Má tá sé i gceist agat íomhána a roinnt ar líne, fágfaidh sé sin do shuíomh beacht príobháideach.
7. Athraigh do phasfhocail go minic. Roghnaigh pasfhocail a bheidh deacair a dhéanamh amach ina bhfuil ocht gcarachtar ar a laghad agus meascán de litreacha, uimhreacha, agus siombailí.
8. Má tá níos mó ná cuntas líonraithe shóisialta amháin agat, déan cinnte go bhfuil pasfhocail dhifriúla agat le haghaidh gach ceann.
9. Tugann go leor láithreán líonraithe shóisialta deis duit feidhmchláir tríú páirtí a íoslódáil ionas go mbeidh tú in ann níos mó a dhéanamh le do leathanach pearsanta. Úsáideann coirpigh na feidhmchláir sin uaireanta chun do fhaisnéis phearsanta a ghoid. Chun feidhmchláir tríú páirtí a íoslódáil agus a úsáid go sábháilte, glac roinnt de na réamhchúraimí sábháilteachta a ghlacann tú le haon ríomhchlár nó comhad eile a íoslódáilann tú ón ngréasán.
10. Ní iarrfaidh do bhanc ort do chuntas a dheimhniú nó sonraí do chuntais a nochtadh trí ríomhphost.
11. Munar cheannaigh tú ticéad i gcomhair an chrannchuir atá 'buaite' agat mar dhea, ná freagair an ríomhphost ina mbítear ag tréaslú leat.
12. Ná freagair teachtaireachtaí ó chairde ina ndeirtear go ndearnadh gadaíocht orthu thar lear agus go dteastaíonn cúnaimh airgeadais uathu. Labhair leo féin ar dtús sula seolann tú aon airgead agus ná seol riamh trí ghníomhaireacht aistrithe airgid.
13. Bíodh do chosaint frithvírís cothrom le dáta agus bí cúramach cé air a dhéanann tú rochtain chun cosc a chur ar íoslódáil bogearraí mailíseacha/bogearraí éirice ar do chóras.
14. Is féidir le Wi-Fi poiblí a bheith sách leochaileach d'ídircheapadh nó do mhí-úsáid. Ba cheart d'úsáideoirí a bheith cúramach gan cuntais phearsanta cosúil leis na meáin shóisialta nó cuntais bhainc a rochtain nuair a bhíonn líonraí Wi-Fi oscailte in úsáid acu.
15. Ná roinnt pasfhocail agus ná sábháil pasfhocail ar do ríomhaire nó nuair a iarrann próifíl nó cuntais ar líne ort sin a dhéanamh. D'fhéadfaidís sin a bheith leochaileach d'ídircheapadh nó mí-úsáid.
16. Ná húsáid ach suíomhanna gréasáin oifigiúla le haghaidh seirbhísí amhail na Coimisinéirí Ioncaim, Sky, Eir nó soláthraithe eile. Ná cliceáil ar naisc a insíonn duit go bhfuil airgead dlite duit, nó go gcuirfeá isteach ar do sheirbhís muna ndéanann tú beart éigin láithreach. Má fhágann tú an cúrsóir ar an nasc gan é a bhrú, inseofar duit cá dtógfar tú má bhrúnn tú an nasc.
17. Tá Sceamálacha Grá ag éirí i bhfad níos coitianta anois. Ná cláraigh ach le suíomhanna dlísteanacha agus ná habair le suiríoch ar bith go bhfuil tú sásta íoc as taisteal, smaointí gnó nó billí leighis a bhaineann leo féin nó le gaol leo. An-seans gur iarrachtaí iad sin calaíoch a dhéanamh ort.
18. Déan neamhaird ar ghlaonna ó dhaoine a deir gur ó chomhlachtaí bogearraí amhail 'Microsoft' iad agus gur féidir leo cabhrú leat do ríomhaire a dheisiú. Níl suim ag lucht na sceamálacha sin ach i do chuid airgid amháin. Mura bhfuil do ríomhaire ag obair i gceart, tabhair isteach go dtí seirbhís deisiúcháin é nó go dtí an áit ar cheannaigh tú é.

Aonad um Éagsúlacht agus Comhtháthú an Gharda Síochána

Le bunú Oifig an Gharda Síochána um Chiníochas agus Ilchultúrachas in 2001 (ar a dtugtar Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Ilchineálacht agus Imeascadh (ANGSII) anois), léirigh an Garda Síochána a chumas éifeachtach maidir le bheith ag coinne le agus ag freagairt don riachtanas chun tionscnaimh póilíneachta iomchuí a chur i bhfeidhm chun fáilte a chur roimh Pobail Nua atá ag cur fúthu in Éirinn agus chun cabhrú leo. Déanann ANGSII gach iarracht dea-chaidrimh pobail a chothú i dtimpeallacht il-eitneach trí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Comhairliúchán a dhéanamh le hionadaithe ó ghrúpaí ar fud speictream na hilchineálachta a fhéachann le baic (baic mheabhairbhraite nó eile) a bhriseadh síos idir na póilíní agus mionlaigh.
- Bualadh le hiarrthóirí tearmainn agus dídeanaithe atá díreach tar éis teacht go hÉirinn chun iontaoibh a chothú agus iad a chur ar a gcompond faoi sheirbhísí neamh-idirdhealaitheacha an Gharda Síochána.
- Treoir agus comhairle a sholáthar don phobal i gcoitinne maidir le póilíneacht a dhéanamh i dtír il-eitneach.
- Gach iarracht a dhéanamh chun coireacht fuatha agus ciníochas a chosc agus a bhrath.
- Tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh na coireachta fuatha agus an chiníochais agus daoine a spreagadh chun na teagmhais sin a thuairisciú.
- Cur i bhfeidhm Straitéis Ilchineálachta an Gharda Síochána a éascú.
- Tionscnaimh póilíneachta a chur chun cinn chun antoiseachas agus radacú a chosc.
- Seirbhís íograithe a sholáthar don phobal Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha, Trasinscneacha agus Idirghnéasach trí thuiscint a bheith ag an nGarda Síochána ar riachtanais agus eagla an phobail sin go mbeidh siad ina n-íospartaigh choireachta den chineál hómáfóbach agus trasfhóbach, agus maidir leis an mbealach a chaitheann an Garda Síochána leo i ndiaidh teagmhas mar sin.






- Comhairle agus oiliúint a sholáthar don Gharda Síochána i gcúrsaí uile a bhaineann le póilíneacht a dhéanamh i dtír ilchultúrtha.
- Treoir agus comhairle a sholáthar don Gharda Síochána maidir le himscrúdú a dhéanamh ar choireacht a bhaineann le daoine i mionlaigh eitneacha.
- Obair agus seirbhísí ANGSII a chur chun cinn trí pháirt a ghlacadh i laethanta oscailte, imeachtaí náisiúnta, cainteanna agus léachtaí le páirtithe leasmhara ANGSII, grúpaí pobail, institiúidí rialtais agus oideachais agus eagraíocht ar bith a bhfuil leas dílisithe acu san ilchineálacht.



AN GARDA SÍOCHÁNA

WWW.GARDA.IE



Biúró an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht sa Phobal